


*'Formative assessment is the process of seeking and interpreting evidence for use by learners and their teachers to decide where the learners are in their learning, where they need to go and how best to get there'*

...Assessment Reform Group (2002)

# Aiseolas chun an Fhoghlaim a Chur Chun Cinn

Aiseolas soiléir, inghníomhaithe chun an fhoghlaim a dhéanamh níos feiceálaí agus foghlaim na scoláirí a fheabhsú

**CAD** a dhéanann Aiseolas Éifeachtach?

- aithníonn sé gnóthachtáil agus rath
- tugann sé moltaí maidir le feabhsú
- sonraíonn sé céimeanna chun na cuspóirí sin a bhaint amach
- díríonn sé ar an bhfoghlaim agus ní ar an scoláire
- spreagann sé smaointeoireacht na scoláirí
- tugann sé am don fheabhsúchán tarlú

## **MAR SIN** cad é an fhuaim a bheadh air sin i seomra an Cheoil?

### AISEOLAS TRÁCHTANNA AMHÁIN...

- ní úsáideann sé aon ghráid ná ríomha
- b'fhéidir go n-iarrfaí ar scoláirí an réimse atá le feabhsú a aithint
- Úsáideann sé cur chuige an cheapaire i.e., an rud a d'oibrigh go maith, an rud is gá a fheabhsú agus moltaí maidir leis an gcaoi chun feabhsú
- D'fhéadfaí a aithint cén píosa oibre ina bhfuil na hearráidí agus a iarraidh ar na scoláirí tráchtanna a chruthú

### AG GNÍOMHÚ AR AISEOLAS GRÚPA

- Ag baint úsáid as d'eolas ar na scoláirí agus ar an bhfoghlaim atá idir lámha, socraigh an cosúil go bhfuil tuiscint scoláirí domhain go leor nó an gá ath-mhúineadh chun tuiscint níos fearr a fháil
- D'fhéadfá cinneadh a dhéanamh freisin an t-ath-mhúineadh a chur siar chuig ceacht amach anseo, b'fhéidir tar éis duit a iarraidh ar scoláirí athbhreithniú nó cleachtadh neamhspleách a dhéanamh idir an dá linn
- Sa chás go dtarlaíonn earráidí coitianta ar fud an ranga, d'fhéadfá cinneadh a dhéanamh gnéithe ar leith a athmhúineadh agus tasc nó eispéireas foghlama nua a thabhairt do scoláirí le tabhairt faoi
- Chomh luath agus a thugann tú an t-aiseolas, tabhair am do scoláirí do chuid tuairimí a mheas agus feabhsuithe a dhéanamh láithreach. Cuirfidh sé sin ag smaoineamh iad ar chaighdeán a gcuid oibre agus labhróidh siad leat go díreach más gá

### AISEOLAS Ó BHÉAL

*'Direct oral feedback, given in the heat of the moment while learning is actually taking place, is likely to have the greatest influence on students'*

...Savage & Fautley, Lesson Planning for Effective Learning, p.115

**Scoláirí a bhíonn ag gníomhú ar aiseolas ó bhéal, d'fhéadfadh siad...**

- leanúint ar aghaidh ag seinm agus ag athsheinm; ag cleachtadh go dtí go bhfaigheann siad ceart é
- scríobh síos ina bhfocail féin conas a d'fhéadfadh siad an mhír sin a chleachtadh sa bhaile
- a gcuid cumadóireachta a dhréachtú agus a athdhréachtú dá bpunann

**Le haghaidh tuilleadh tacaí** íoslódáil
[Leabhráin Díriú ar an bhFoghlaim CNCM]




**Roinn cur chuige eile a oibríonn duit i do sheomra ceoil**

## AGUS CAD É ANOIS?

- Cé chomh mór is a dhéanaim/mid aiseolas a struchtúrú ar na próisis a d'úsáid scoláirí chun an tasc a chur i gcrích, agus/nó ar a gcumas a gcuid foghlama a bhainistiú?
- Conas a d'fhéadfainn /d'fhéadfaimis aiseolas a dhearadh ionas go mbraitheann scoláirí go bhfuil aitheantas agus luach á dtabhairt dá gcuid iarrachtaí?
- Cén cineál aiseolais is féidir liom/linn a úsáid a thabharfaidh ar scoláirí smaoineamh?